# Dualgas na hearnála poiblí um chomhionannas agus cearta an duine

## Plean gníomhaíochta: Eanáir 2023 go Nollaig 2025



# Dualgas na hearnála poiblí um chomhionannas agus cearta an duine

## Plean gníomhaíochta, 2023 go 2025

Is é an misean atá ag ***safe*****food** sláinte agus folláine an phobail a fheabhsú trí shábháilteacht bia agus nósanna sláintiúla itheacháin a chur chun cinn ar oileán na hÉireann.

***safe*****food**

7 Ascaill an Gheata Thoir

An Geata Thoir

An tOileán Beag

Co. Chorcaí

T45 RX01

Teil.: +353 (0) 21 2304101

Téacs: +353 (0) 86 6016002

www.safefood.net

Tá an doiciméad seo ar fáil i raon formáidí ach é sin a iarraidh. Déan teagmháil linn maidir leis na riachtanais atá agat

# 1. Faisnéis chúlra maidir le dualgas na hearnála poiblí

Tá dualgas ar gach comhlacht poiblí in Éirinn, ***safe*****food** ina measc, an comhionannas a chur chun cinn, an t-idirdhealú a chosc agus cearta an duine atá ag a gcuid fostaithe, custaiméirí agus úsáideoirí seirbhíse agus ag gach duine a ndéanann a gcuid beartas agus pleananna difear dóibh a chosaint.

Ón mbliain 2014 amach, tá Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine (ar a dtugtar Dualgas na hEarnála Poiblí freisin) ina chuid den chreat reachtach lena rialaítear cearta an duine agus an comhionannas in Éirinn. Luaitear an méid seo a leanas in alt 42(1) den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014:

42.1 Déanfaidh comhlacht poiblí, le linn dó a fheidhmeanna a chomhlíonadh, aird a thabhairt ar an ngá atá ann:

- An t-idirdhealú a dhíchur.
- Comhionannas deiseanna agus córa dá fhoireann agus do na daoine dá soláthraíonn sé seirbhísí a chur chun cinn.
- Cearta an duine atá ag a chomhaltaí, a fhoireann agus na daoine dá soláthraíonn sé seirbhísí a chosaint.

In alt 29 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, sainmhínítear cearta an duine, chun críocha an Dualgais, mar na cearta agus na saoirsí sin atá ag daoine aonair a chosnaítear le Bunreacht na hÉireann, leis an Acht fán gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, 2003, agus le forálacha i gconarthaí idirnáisiúnta eile ar tugadh “feidhm dlí” dóibh in Éirinn. Is as dlí an Aontais Eorpaigh a thagann cuid mhór de chosaintí comhionannais agus frith-idirdhealaithe an Stáit, lena n-áirítear an Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais agus na Treoracha ón Aontas maidir le Comhionannas, lena mbuntacaítear le reachtaíocht comhionannais na hÉireann.

Tá ról sonraithe ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas maidir le formhaoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh alt 42(1)

den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, agus maidir leis an gcomhlíonadh sin a bhrú chun cinn. Chomh maith leis sin, tugann an Coimisiún treoir agus spreagadh do chomhlachtaí poiblí trí uirlisí sonracha measúnaithe, beartais agus promhadh ó thaobh chearta an duine agus an chomhionannais a sholáthar.

# 2. Bunús agus feidhmeanna *safe*food

Is Comhlacht Thuaidh/Theas é ***safe*food**, atá freagrach as sábháilteacht bia agus nósanna sláintiúla itheacháin a chur chun cinn ar oileán na hÉireann. Bunaíodh sa bhliain 1999 é faoi théarmaí an Achta um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999, agus an Ordaithe um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann), 1999. Foráiltear do na nithe seo a leanas leis an reachtaíocht lenar bunaíodh an Comhlacht:

- sábháilteacht bia a chur chun cinn.
- taighde a dhéanamh ar shábháilteacht bia.
- comhoibriú agus nasc-cheangail eolaíochta idir saotharlanna a chur chun cinn, agus faireachas a dhéanamh ar ghalair bhia-iompartha.
- saoráidí atá éifeachtach ó thaobh costas de a fhorbairt le haghaidh saintástáil saotharlainne.

Tá ceanglas air freisin comhairle a sholáthar maidir le cothú, mar aon le measúnú eolaíochta neamhspleách a dhéanamh ar an soláthar bia.

Is iad an tOireachtas i bPoblacht na hÉireann agus Tionól Thuaisceart Éireann a chistíonn an Comhlacht. Is ón Roinn Sláinte i bPoblacht na hÉireann a thagann seachtó faoin gcéad den chistiú agus is ón Roinn Sláinte i dTuaisceart Éireann a thagann an chuid eile (tríocha faoin gcéad).

Is é/í an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin a chuireann feidhmeanna an Chomhlachta i gcrích, ag gníomhú dó/di faoi threoir beartais na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT). Is ann do Bhord Comhairleach dháréag comhaltaí agus do Choiste Comhairleach dháréag comhaltaí chun cúnamh agus comhairle a thabhairt don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin maidir le feidhmeanna ***safe*food** a chomhlíonadh. Is é an ról atá ag ***safe*food** sábháilteacht bia a chur chun cinn agus comhairle a sholáthar maidir le cothú ar oileán na hÉireann de réir an tsainchúraim reachtaigh atá air. Baintear é sin amach trí bhonn fianaise eolaíochta fónta údarásaí a fhorbairt, ar fianaise í a úsáidtear chun tionchar a imirt ar bheartas agus chun athrú iompraíochta a chur chun cinn ar mhaithe le feabhas a chur ar shláinte an phobail i gcoitinne. Tá sé mar thosaíocht ag ***safe*food** obair i gcomhpháirt le príomh-

gheallsealbhóirí ar oileán na hÉireann agus leas a bhaint as cineálacha nuálacha cur chuige chun tacú leis na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- cumarsáid shoiléir a dhéanamh ar bhealach díreach tacúil;
- tuiscint níos fearr a chur chun cinn ar shábháilteacht bia, ar chothú agus ar nósanna sláintiúla itheacháin; agus
- roghanna bia atá níos sláintiúla, níos sábháilte agus níos inbhuanaithe a spreagadh i measc tomhaltóirí agus ina measc sin a bhfuil ról acu sa bhiashlabhra.

Tá daoine agus an timpeallacht bia ar oileán na hÉireann i gcroílár na físe atá ag ***safe*food** agus an mhisin atá aige araon, agus úsáideann sé teoiric agus teicnící um athrú iompraíochta chun teachtaireachtaí spriocdhírithe a fhorbairt ar mhaithe le tuilleadh eolais, faisnéise agus spreagtha a thabhairt do dhaoine sábháilteacht bia agus nósanna sláintiúla itheacháin a chur i gcroílár a roghanna stíl mhaireachtála. Féachann sé le húsáid chórasach a bhaint as teicnící um athrú iompraíochta, as taighde margaidh agus as teicnící um fhíordheimhniú teachtaireachtaí a bhaineann leis an spriocphobal le linn dó forbairt agus meastóireacht a dhéanamh ar a chuid oibre chun a chinntiú go soláthróidh sé faisnéis atá ábhartha, praiticiúil, spriocdhírithe agus tráthúil don phobal. Féachann sé le teachtaireachtaí agus tionscnaimh a chruthú atá bunaithe ar ghnáthshaol a spriocphobal agus le cumarsáid a dhéanamh le daoine maidir leis na nithe atá ar na cinn is tábhachtaí dóibh ó thaobh bia agus sláinte de.

# 3. Cur chun feidhme an dualgais ag *safe*food

Le Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine, cuirtear oibleagáid reachtúil ar chomhlachtaí poiblí an t-idirdhealú a dhíchur, comhionannas deiseanna a chur chun cinn, agus cearta an duine atá ag a bhfoireann agus ag na daoine dá soláthraíonn siad seirbhísí a chosaint le linn dóibh a n-obair laethúil a chur i gcrích.

Ceanglaítear le halt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, ar ***safe*food**, mar chomhlacht poiblí, na nithe seo a leanas a dhéanamh, ag féachaint dá fheidhmeanna, dá chríoch, dá mhéid agus do na hacmhainní atá ar fáil dó:

1. Measúnacht a dhéanamh - Agus pleananna straitéiseacha á n-ullmhú acu, ní mór do chomhlachtaí earnála poiblí measúnacht agus sainaithint a dhéanamh ar na saincheisteanna maidir le cearta an duine agus leis an gcomhionannas is iomchuí maidir lena bhfeidhmeanna. Ní mór na saincheisteanna sin a bheith bainteach leis na feidhmeanna uile atá acu mar dhéantóir beartas, mar fhostóir agus mar sholáthraí seirbhíse.
2. Aghaidh a thabhairt - Ní mór do chomhlachtaí poiblí sainaithint a dhéanamh ansin ar na beartais agus na cleachtais atá i bhfeidhm acu, nó a bhfuil sé beartaithe acu iad a chur i bhfeidhm, chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin.
3. Tuairisciú a dhéanamh - Sna tuarascálacha bliantúla uathu, nó i ndoiciméid choibhéiseacha, ní mór do chomhlachtaí poiblí tuairisciú a dhéanamh ar mhodh is inrochtana ag an bpobal ar a gcuid forbairtí agus ar a bhfuil bainte amach acu ina leith sin.

Tá ***safe*food** tiomanta do na hoibleagáidí atá air faoi alt 42 den Acht a chomhlíonadh tríd an gcomhionannas agus urraim do chearta an duine a chur ar aghaidh trí chur chuige réamhghníomhach a shaothrú i leith saincheisteanna maidir leis an gcomhionannas agus le cearta an duine i ngach gné dá chuid oibre.

Aithníonn ***safe*food** gur oibleagáid leanúnach é Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine, rud ar gá gabháil dó i gcónaí agus ar cuid dhílis de phróisis oibríochtúla agus phleanála é.

Leagtar amach sa chuid eile den ráiteas seo an cur chuige a ghlacfaidh ***safe*food** i leith an Dualgas a chur chun feidhme agus plean gníomhaíochta atá ceaptha chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna maidir le cearta an duine agus leis an gcomhionannas is iomchuí maidir lena chuspóirí agus lena fhoireann.

## Cur chuige trí chéim

### Measúnacht a dhéanamh

Ag tarraingt ar an bhfianaise atá ar fáil, lena n-áirítear eolas agus taithí a fhoirne agus na dtomhaltóirí dá soláthraíonn sé seirbhísí, rinne ***safe*food** measúnacht chun sainaithint a dhéanamh ar na príomh-shaincheisteanna maidir leis an gcomhionannas agus le cearta an duine is iomchuí maidir lena chuspóirí. Áiríodh leis sin sainaithint a dhéanamh ar struchtúir agus tionscnaimh atá i bhfeidhm cheana féin chun tacú le cearta an duine agus leis an gcomhionannas.

### Aghaidh a thabhairt

Cuirfidh ***safe*food** plean gníomhaíochta i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna maidir leis an gcomhionannas agus le cearta an duine a sainaithníodh sa mheasúnacht. Cuirfear struchtúr cuí cur chun feidhme i bhfeidhm chun cur chun feidhme an phlean a bhrú chun cinn mar chuid dá phróiseas pleanála straitéisí.

Breithneofar cumas na foirne i ndáil leis an gcomhionannas agus le cearta an duine, agus forbrófar an cumas sin, chun a chinntiú go mbeidh ag an bhfoireann an t-eolas agus an oiliúint is gá chun na hoibleagáidí agus na ceangaltais atá ar ***safe*food** faoi alt 42 a chur chun feidhme.

## Tuairisciú a dhéanamh

Leanfaidh ***safe*****food** le bearta a dhéanamh chun an Dualgas a leabú isteach sna gnéithe uile dá chuid oibre tríd an bPlean Gníomhaíochta um Dhualgas na hEarnála Poiblí uaidh don tréimhse 2023-2025 a chur chun feidhme. Cuirfear córas chun athbhreithniú agus faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn ar chur chun feidhme an phlean gníomhaíochta i bhfeidhm, agus tabharfar tuairisc gach bliain ar an dul chun cinn sin.

Plean gníomhaíochta um dhualgas na hearnála poiblí um chomhionannas agus cearta an duine don tréimhse 2023-2025

| | **Tosaíocht i ndáil leis an gcomhionannas agus le cearta an duine** | **Cuspóirí** | **Gníomhartha** | **Freagracht / creat ama** |
|---|---|---|---|---|
| **Fostaithe** | Measúnacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar na saincheisteanna maidir leis an gcomhionannas agus le cearta an duine is iomchuí maidir leis an bhfostaíocht | Measúnacht a dhéanamh ar na saincheisteanna maidir leis an gcomhionannas agus le cearta an duine is iomchuí maidir leis an bhfeidhm fostaíochta | Dul i gcomhairle ar na saincheisteanna maidir leis an gcomhionannas agus le cearta an duine is iomchuí maidir leis an bhfostaíocht in ***safe*food**, agus na saincheisteanna sin a athbhreithniú agus tús áite a thabhairt dóibh | Acmhainní daonna - faoi dheireadh ráithe 2 den bhliain 2023 |
| | Scrúdú a dhéanamh ar phróisis reatha fostaíochta, a mhéid a bhaineann le caighdeáin maidir leis an gcomhionannas agus le cearta an duine a chomhlíonadh | Athbhreithniú a dhéanamh ar phríomhphróisis agus príomhchleachtais fostaíochta, a mhéid a bhaineann le caighdeáin maidir le cearta an duine agus leis an gcomhionannas a chomhlíonadh | Beartais agus nósanna imeachta fostaíochta a athbhreithniú go leanúnach chun a chinntiú go gcomhlíontar iontu caighdeáin maidir leis an gcomhionannas agus le cearta an duine agus go léirítear iontu an dea-chleachtas maidir le cearta an duine a chosaint, maidir leis an éagsúlacht a éascú agus maidir leis an gcomhionannas a chur chun cinn | Acmhainní daonna - faoi dheireadh na bliana 2025 |
| | A chinntiú go dtabharfar aghaidh ar na saincheisteanna a sainaithníodh nuair a bheidh próisis nó nósanna imeachta nua á dtabhairt isteach nó nuair a bheidh | A chinntiú gur leabaithe isteach san fheidhm fostaíochta a bheidh díriú leanúnach ar aghaidh a thabhairt ar an gcomhionannas agus ar chearta an duine | I ndáil le haon ghníomhartha atá ceaptha chun aghaidh a thabhairt ar phríomh-shaincheisteanna maidir leis an gcomhionannas agus le cearta an duine a sainaithníodh trí mheasúnacht nó trí athbhreithniú, a chinntiú go gcuirfear na gníomhartha sin i bhfeidhm i leith aon | Acmhainní daonna - ar bhonn leanúnach ar fud thréimhse feidhme an Phlean idir na |

| | Tosaíocht i ndáil leis an gcomhionannas agus le cearta an duine | Cuspóirí | Gníomhartha | Freagracht / creat ama |
|---|---|---|---|---|
| | próisis nó nósanna imeachta atá ann cheana á leasú | | phróiseas nó nós imeachta nua nó leasaithe i réimse na n-acmhainní daonna | blianta 2023 agus 2025 |
| | Dul i gcomhairle le baill foirne a chumhdaítear faoin reachtaíocht um chóir chomhionann, agus tacú lena rannpháirtíocht i bpríomhghníomhartha an phlean seo a chur chun feidhme | A chinntiú go lorgófar na tuairimí atá ag fórsa saothair éagsúil chun múnlú a dhéanamh ar ár gcur chuige i leith an t-idirdhealú a dhíchur, i leith an comhionannas a chur chun cinn, agus i leith cearta an duine a chosaint | Próiseas rannpháirtíochta leis an bhfoireann. | Acmhainní daonna - ar bhonn leanúnach ar fud thréimhse feidhme an Phlean idir na blianta 2023 agus 2025 |
| | Próifíl fostaithe an Chomhlachta a thuiscint agus faireachán a dhéanamh uirthi | A chinntiú go mbeidh ár bhfórsa saothair ina léiriú ar an daonra | Córais sonraí a úsáid chun bonn eolais a chur faoin straitéis atá ar bun againn chun a chinntiú go mbeidh ár bhfoireann ina fórsa saothair éagsúil atá ionadaíoch don daonra | Acmhainní daonna - ar bhonn leanúnach ar fud thréimhse feidhme an Phlean idir na blianta 2023 agus 2025 |

| | Tosaíocht i ndáil leis an gcomhionannas agus le cearta an duine | Cuspóirí | Gníomhartha | Freagracht / creat ama |
|---|---|---|---|---|
| | Measúnacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar na saincheisteanna maidir leis an gcomhionannas agus le cearta an duine is iomchuí maidir leis an bhfostaíocht | A chinntiú go mbeidh tiomantas ann don éagsúlacht agus don chuimsiú i bhfeachtais earcaíochta | Taighde a dhéanamh ar chlaontuairim neamh-chomhfhiosach agus ar conas í a aithint agus a sheachaint – a chinntiú go mbeidh agallóirí oilte i bhfeasacht ar an éagsúlacht | Acmhainní daonna - ar bhonn leanúnach ar fud thréimhse feidhme an Phlean idir na blianta 2023 agus 2025 |
| **Seirbhísí Faisnéise a Sholáthar** | Measúnacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar na saincheisteanna maidir leis an gcomhionannas agus le cearta an duine is iomchuí maidir le Seirbhísí Faisnéise Inrochtana a Sholáthar | A chinntiú go ndéanfar faisnéis, bíodh sí i scríbhinn nó Gréasánbhunaithe, a fhorbairt i bhformáidí inrochtana chun freastal ar na riachtanais atá ag gach grúpa comhionannais | • Inrochtaineacht suíomh Gréasáin agus teicneolaíochta a bhreisiú chun freastal ar na riachtanais atá ag grúpaí difriúla A chinntiú go leanfaidh an suíomh Gréasáin de sheicliosta Threoirlínte maidir le hInrochtaineacht Inneachar Gréasáin 2.0 a chomhlíonadh<br>• Ráiteas Inrochtaineachta a fhoilsiú<br>• Doiciméid a aistriú go teangacha eile ach é sin a iarraidh | An Stiúrthóireacht um Margaíocht agus Cumarsáid - ar bhonn leanúnach ar fud thréimhse feidhme an Phlean idir na blianta 2023 agus 2025 |

| | **Tosaíocht i ndáil leis an gcomhionannas agus le cearta an duine** | **Cuspóirí** | **Gníomhartha** | **Freagracht / creat ama** |
|---|---|---|---|---|
| **Pleananna agus cláir** | A chinntiú go gcomhlíonfar caighdeáin maidir leis an gcomhionannas agus le cearta an duine i bpleananna agus i gcláir | Breithniú a dhéanamh ar na saincheisteanna maidir leis an gcomhionannas agus le cearta an duine is iomchuí maidir lenár gcuid pleananna agus clár ar leith | Tabhairt faoi mheasúnacht ar an gcomhionannas agus ar chearta an duine nuair a bheidh pleananna agus cláir á ndréachtú nó á n-athbhreithniú chun a chinntiú go dtabharfar aghaidh leordhóthanach iontu ar shaincheisteanna sainaitheanta maidir leis an gcomhionannas agus le cearta an duine | Stiúrthóireachtaí aonair - ar bhonn leanúnach ar fud thréimhse feidhme an Phlean idir na blianta 2023 agus 2025 |